

# COVID-19 – Seicliosta Dea-chleachtais

## Aeráil

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí gnó agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le scaipeadh COVID-19 a chosc. Tugtar aghaidh sa seicliosta seo ar an aeráil. Tá sé tábhachtach go mbeadh aeráil d’fhoirgnimh ag comhlíonadh na rialachán sláinte agus sábháilteachta, sábháilteachta dóiteáin agus foirgníochta. Féadfaidh aeráil cabhrú leis an mbaol scaipthe a laghdú, ach ní chuirfidh sí stop le leathadh COVID-19 aisti féin.

Is cúinse tábhachtach í an aeráil chun an baol a bhaineann le scaipeadh aerasóil laistigh a laghdú, áit a bhféadfadh daoine a bheith i ndlúth-theagmháil lena chéile, ar feadh tréimhsí níos faide seans, agus i limistéir ina bhfuil an aeráil go dona. Ní chuirfidh aeráil stop le scaipeadh COVID-19 aisti féin agus sin é an fáth nach bhfuil ann ach cuid d’ordlathas rialuithe riosca. Ní féidir leis an aeráil feidhmiú in ionad bearta coiscthe ionfhabhtaithe eile, ar nós vacsaíniú, scaradh fisiciúil, glantacháin, clúdaigh aghaidhe, cloí le sláinteachas maith lámh agus riospráide, fanacht sa bhaile nuair a mhothaítear go dona, agus oibriú ón mbaile nuair is féidir.

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	<b>Seicliosta Aerála</b>			
1	An bhfuil tú ar an eolas faoin gcaoi a n-aeráiltear na spásanna oibre ar fad faoi láthair, lena n-áirítear bialanna, leithris agus seomraí feistis, .i. an úsáidtear aeráil nádúrtha nó mheicniúil nó meascán den dá chineál?			
2	An bhfuil limistéir san ionad oibre sainaitheanta agat ina mbíonn daoine go hiondúil agus ina mbíonn an aeráil go dona?			
3	An bhfuiltear in ann an aeráil nádúrtha/iontógáil aeir úir a mhéadú m.sh. trí fhuinneoga a oscailt, chun an méid aeir úir atá ann a mhéadú? Má roinneann oibrithe spás le daoine eile, an bhfuiltear in ann na fuinneoga a oscailt go rialta gan cur isteach ar chompord na n-oibrithe, go háirithe idir úsáideoirí, chun cabhrú leis an mbaol a laghdú? Seans go mb’fhearr é sin a dhéanamh nuair nach bhfuil aon duine sa seomra agus ag tús agus deireadh an lae. Má osclaítear fuinneoga/doirse/gaothairí, go háirithe iad siúd atá trasna óna chéile sa spás, malartófar an t-aer sa seomra le haer úr go tapa. <i>Tabhair faoi deara: Níor cheart doirse dóiteáin a choinneáil ar oscailt seachas má tá dúntóirí uathoibríocha orthu le go bhfeidhmeoidh siad mar dhoirse dóiteáin i gcás aláraim nó tine.</i>			
4	Má tá aeráil mheicniúil i bhfeidhm, an bhfuil sí ag oibriú go héifeachtach? (féach ar an gcuid thíos faoi Chórais Aerála Meicniúla)			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
5	<b>An bhfuil aon ghnéithe sa spás oibre a d'fhéadfadh cur isteach ar an aeráil?</b> m.sh. an bhfuil innealra mór in úsáid a d'fhéadfadh cur isteach ar thras-sruth aeir, nó rudaí sa bhealach ar ghaothairí, srl.?			
6	<b>An bhfuil méid an spáis/na spásanna oibre agus líon na ndaoine ann curtha san áireamh?</b> Dá mhéad é méid an spáis, is é is lú an baol toisc gur mó seans go gcaolófar na braoiníní víris agus gur lú seans go rachaidh líon na mbraoiníní sin i dtreise. Dá mhéad daoine a bhíonn ann, is é is mó cáithníní a bheidh ann agus is é is mó an gá a bheidh le níos mó aerála. Féadfaidh laghdú ar líon na ndaoine an baol a laghdú.			
7	<b>An bhfuil aon gníomhaíochtaí oibre a mhéadaíonn ar an mbaol sainaitheanta?</b> .i. d'fhéadfadh gníomhaíochtaí a chuireann daoine ag anáil níos doimhne, ar nós saothar fisiciúil nó béicíl, cruthú aerasól a mhéadú chomh maith leis an mbaol scaipthe, agus d'fhéadfadh go dteastódh aeráil bhreise nó bearta rialaithe eile dá bharr.			
8	<b>An bhfuil na bearta rialaithe ar fad, lena n-áirítear na bearta aerála, curtha in iúl do do chuid oibríthe agat ionas go dtuigfidís an chaoi a gcabhróidh na bearta sin le scaipeadh COVID-19 san ionad oibre a chosc?</b>			
	<b>Seicliosta le haghaidh Córais Aerála Meicniúla (Téamh, Aeráil agus Aerchóiriú – HVAC) (má tá a leithéid i bhfeidhm)</b>			
9	<b>An bhfuil an córas meicniúil á úsáid i gceart agus ag obair go héifeachtach de réir a dhearaidh?</b> Tá sé tábhachtach go gcinntítear go n-úsáidtear córais aerála meicniúla agus/nó eastarraingteoirí i gceart. Má tá aon éiginnteacht ann faoina leithéid, téigh i dteagmháil leis an déantúsóir nó le d'innealtóir seirbhíse.			
10	<b>An bhfuil an córas aerála meicniúla á chothabháil go rialta, de réir threoracha an déantúsóra, ag duine oile agus cumasach?</b> Caithfear na scagairí cearta a úsáid de réir shonraíochtaí an déantúsóra agus caithfidh na scagairí aeir a bheith ar an méid cheart agus laistigh den tsaolré seirbhíse mholta.			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
11	<b>An bhfuiltear in ann an córas a bharrfheabhsú chun na hathruithe aeir/an iontógáil aeir úir a mhéadú a oiread agus is féidir?.i. ba cheart líon an aeir úir a mhéadú agus an athshruthú a laghdú a oiread agus is féidir, de réir mar is féidir leis na córais. Ná hathraigh na socruithe meicniúla gan comhairle a fháil ó shaineolaí.</b>			
12	<b>An bhfuil an t-athshruthú aeir múchta más féidir? Ba cheart athshruthú aeir a sheachaint más féidir nó seans go mbeidh an t-aer le scagadh (m.sh. trí scagaire HEPA).</b>			
13	<b>An bhfuil an córas aerála á fhágáil ar siúl a fhad agus is féidir?.i. tá sé ar siúl seasta, nó ar feadh tréimhsí fada roimh agus tar éis an spás a úsáid/daoine a bheith sa spás, ar nós uaireanta feidhmithe HVAC a leathnú chun do dtosóidh sé dhá uair an chloig sula dtagann aon duine isteach san fhoirgneamh agus go leanfaidh sé ar aghaidh dhá uair an chloig i ndiaidh do gach duine an foirgneamh a fhágáil.</b>			
14	<b>An bhfuil socruithe aerála de réir éilimh múchta, nuair is gá?</b>			
15	<b>Má tá siad ann, an bhfuil eastarraingteoirí i seomraí leithris/scíthe/feistis ag oibriú mar is ceart agus ar siúl seasta?</b>			
16	<b>An bhfuil machnamh déanta agat ar thionchar féideartha aon athrú a dhéantar ar na córais aerála?.i. leibhéil chompoird na n-oibrithe, agus go gcomhlíontar fós rialacháin sláinte agus sábháilteachta, sábháilteachta dóiteáin nó foirgníochta?</b>			
17	<b>An bhfuil machnamh déanta agat ar threo an tsreafa aeir?.i. seachain sreabhadh aeir a dhírítear ar dhaoine faoi leith nó thar ghrúpa daoine.</b>			
18	<b>An bhfuil an córas/na córais aerála seiceáilte chun a chinntiú nach bhfuil aer á athshruthú chuig limistéir eile san ionad oibre ina bhfuil an aeráil go dona agus ina bhféadfaí oibrithe a nochtadh?</b>			
	<b>Limistéir san áit oibre ina bhfuil an aeráil go dona</b>			
19	<b>An bhfuil aon limistéar san áit oibre ina bhfuil an aeráil go donam.sh. limistéir oibre dhúnta a úsáidtear go rialta agus nach bhfuil aon aeráil nádúrtha ná mheicniúil iontu, limistéir nach bhfuil aon soláthar aeir ó lasmuigh iontu, nó a bhíonn plúchta nó a mbíonn boladh bréan iontu. D'fhéadfadh monatóirí CO2 cabhrú le limistéir ina bhfuil an aeráil go dona a chinneadh. <a href="#">Féach ar chuid C9 Aeráil den Phrótacal Idirthréimhseach, Transitional Protocol: Good Practice Guidance</a></b>			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
20	An bhfuil measúnú déanta ar an limistéar oibre chun a chinneadh cé na bearta rialaithe breise a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm?			
21	An bhfuil machnamh déanta agat ar mhodhanna chun aeráil a mhéadú?m.sh. gaothairí a chur isteach.			
22	An bhfuil gaothráin deisce bainte agus gaothráin síleála curtha as feidhm i limistéir ina bhfuil an aeráil go dona?.i. d'fhéadfaidís na braoiníní víris a athshruthú seachas an víreas a bhaint as an spás oibre.			
<b>Bearta eile le meas i ndiaidh athruithe aerála</b>				
23	An bhfuil aon athruithe ábhartha ar Phlean Freagartha COVID-19 de do chuid pléite agat? ( <a href="#">Féach ar an teimpléad do Phlean Freagartha COVID-19.</a> )			
24	An bhfuil aon nuashonruithe ábhartha san áireamh anois i do mheasúnuithe riosca agus ráiteas sábháilteachta? D'fhéadfadh feistí eile ar nós feistí giniúna occsaigine agus feistí díghalraithe aeir guaiseacha breise ceimiceacha a chruthú san ionad oibre. Caithfear údar a thabhairt dá n-úsáid le measúnú riosca agus ní mholtar iad a úsáid i spásanna ina mbíonn daoine.			
25	An bhfuil eolas faoi aon athrú ábhartha ar do phlean éigeandála curtha san áireamh agat?			
<b>Tuilleadh eolais:</b>				
<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá tuilleadh eolais ar fáil i dTreoir HSA ar Aeráil.</li> </ul>				

Ainm: \_\_\_\_\_

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

*Is chun críche teorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dhlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, caillteanas ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhásacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.*